# *Cúirꞇ an Ṁeán Oíċe*

*Ba ġnáꞇ̇ mé ag siúl le ciuṁais na haḃann*
*Ar ḃáinseaċ úr is an drúċꞇ go ꞇrom,*
*In aice na gcoillꞇe, i gcoim an ꞇslé’,*
*Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ṡoilse an lae.*
*Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,*
*An ꞇalaṁ, an ꞇír, is íor na spéire;*
*Taiꞇneaṁaċ aoiḃinn suíoṁ na sléiḃꞇe*
*Ag bagairꞇ a gcinn ꞇ̇ar ḋroim a ċéile.*
*Do ġealꝼaḋ an croí beaḋ críon le cianꞇa,*
*Caiꞇe gan ḃrí, nó líonꞇa de ṗianꞇa,*
*An séiꞇ̇leaċ searḃ gan sealḃ gan saiḃreas*
*D’ḟéaċꝼaḋ ꞇamall ꞇ̇ar ḃarra na gcoillꞇe*
*Ar laċain ’na scuainꞇe ar ċuan gan ċeo*
*’s an eala ar a bꝼuaid ’s í ag gluaiseaċꞇ leo;*
*Na héisc le meiḋir ag éirí in airde,*
*Péirse im raḋarc go ꞇaibseaċ ꞇarrḃreaċ,*
*Daꞇ̇ an loċa agus gorm na dꞇonn*
*Ag ꞇeaċꞇ go ꞇolgaċ ꞇorannaċ ꞇrom.*
*Ḃíoḋ éanlaiꞇ̇ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar*
*Is léimneaċ eilꞇe i gcoillꞇe im ċóngar,*
*Géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ṡlóiꞇe,*
*Tréanriꞇ̇ gaḋar is Reynard rómpu.*
*Tréanriꞇ̇ gaḋar is Reynard rómpu.*